



MISE

&

AN tAONTAS EORPACH



QUIZ!

Is é seo an leagan PDF den chluiche ar líne “MISE & AN tAONTAS EORPACH”, atá ar fáil i gCúinne na Foghlama: https://europa.eu/learning-corner/quiz_ga

AN TAONTAS EORPACH – CAD É FÉIN?

CEISTEANNA p. 3
FREAGRAÍ p. 10

CONAS A OIBRÍONN AN TAONTAS?

CEISTEANNA p. 17
FREAGRAÍ p. 24

AN TAONTAS EORPACH – CAD É FÉIN?

Tá fás mór tagtha ar an Aontas Eorpach ó bunaíodh é, agus tá níos mó agus níos mó tíortha ag cur le chéile chun todhchaí níos fearr a chruthú dúinn go léir. Cá mhéad atá ar eolas agat faoin Aontas? An bhfuil a fhios agat, mar shampla, cén fáth gur rud ar leith atá ann agus cé na tíortha atá ina mBallstáit den Aontas? Is féidir leat do chuid eolais a thástáil anseo thíos le go bhfeicfidh tú cén scil atá agat san ábhar!



CÉN BHAINT ATÁ AG AN AONTAS EORPACH LE DO SHAOL LAETHÚIL?

CEISTEANNA p. 31
FREAGRAÍ p. 38

CAD ATÁ AR CHLÁR OIBRE AN AONTAIS EORPAIGH?

CEISTEANNA p. 44
FREAGRAÍ p. 51

CEIST
1/13

Tar éis don Eoraip dhá chogadh dhomhanda uafásacha inar maraíodh na milliúin duine a chur di le linn na 20ú haoise, chinn roinnt tíortha Eorpacha ar dhul i gcomhar le chéile le nach dtarlódh a leithéid de dhoirteadh fola arís.

Cé hiad na tíortha sin a bhunaigh an tAontas Eorpach?

- 1 An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír agus an Spáinn.
- 2 an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír.
- 3 An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír agus an Danmhairg.



CEIST
2/13

Le nach bhféadfaidís éirí amach go rúnda i gcoinne a chéile, rinne na tíortha sin an cinneadh a dtionscal guail agus a dtionscal cruach a stiúradh le chéile. I ndiaidh an méid sin a dhéanamh, bheartaigh siad an comhar eatarthu a chur chun cinn in earnálacha eile den gheilleagar.

Cad is ainm don eagraíocht a bhunaigh siad in 1957?

1 Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

2 An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach.

3 Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.




CEIST
4/13

1973 an chéad uair a tháinig méadú ar an Aontas Eorpach. Bhí naoi mBallstát ann feasta. **Cé na trí thír a tháinig isteach san Aontas an bhliain sin?**

1 An Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe.

2 An Iorua, an Danmhairg agus Éire.

3 An Ríocht Aontaithe, an Ghraonlainn agus an Danmhairg.



CEIST
3/13


Go gairid i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, rinneadh dhá leath den Eoraip – an chuid thiar agus an chuid thoir. Siombail den deighilt sin ab ea Balla Bheirlín a scar Beirlín Thoir ó Bheirlín Thiar ar feadh beagnach tríocha bliain, go dtí gur thit sé in 1989.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

1 Thit Balla Bheirlín toisc gur chuir daoine i gcoinne réimeas na gcumannach i lár agus in oirthear na hEorpa.

2 Nuair a athaontaíodh an Ghearmáin in 1990, tháinig larthar na Gearmáine isteach san Aontas Eorpach.

3 Bhuaigh an Ghearmáin 1-0 i gcoinne na hAirgintíne i gCorn an Domhain sa Sacar in 1990.



© Romtomtom (CC BY-NC 2.0)

CEIST
5/13

Sna 1970í, ghlac trí cinn de thíortha san Eoraip, a raibh deachtóirí i gceannas orthu roimhe sin, an daonlathas chucu féin agus ar an mbonn sin bhí siad in ann cur isteach ar bhallaíocht san Aontas Eorpach.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

1 In 1986 rinneadh Ballstáit den Ghréig, den Spáinn agus den Phortaingéil.

2 Tháinig an Ghréig isteach in 1981. Tháinig an Spáinn agus an Phortaingéil isteach ina dhiaidh sin in 1986.

3 Rinneadh Ballstáit den Ghréig agus den Spáinn in 1981 agus den Phortaingéil in 1986.



CEIST
6/13

Le titim Bhalla Bheirlín, réitíodh an bealach do na tíortha sin i lár agus in oirthear na hEorpa a bhí faoi réimeas an Aontais Shóivéadaigh go dtí sin, an córas a bhíodh i bhfeidhm acu a athrú agus dul isteach san Aontas Eorpach.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 An 1 Bealtaine 2004 tháinig deich dtír i lár agus in oirthear na hEorpa isteach san Aontas, rud a d'fhág 25 Bhallstát ann feasta.
- 2 I mí na Bealtaine 2004 tháinig ocht dtír i lár agus in oirthear na hEorpa agus dhá oileán sa Mheánmhuir isteach san Aontas.
- 3 An 1 Bealtaine 2004 tháinig deich dtír, an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn agus an Rómáin san áireamh, isteach san Aontas.




CEIST
8/13

Cén Ballstát...

- ...atá ar cheann de na seacht monarchacht san Aontas Eorpach;
- ...a bhfuil cáil ar an gceiliúradh a dhéantar ann oíche Fhéile Eoin (lár an tsamhraidh); agus
- ...a tháinig isteach san Aontas Eorpach in 1995, in éineacht le dhá thír eile?

- 1 An tSualainn.
- 2 An Fhionlainn.
- 3 An Eastóin.



© Mikael Damkier/StockAdobe.com

CEIST
7/13

Bíonn bratach na hEorpa ar foluain ag parlaimintí, ar fhoirgnimh, i bpáirceanna agus ar shéadchomharthaí i ngach cearn den Eoraip.
Cad dó a seasann na 12 réalta órga ar an gcúlra gorm?

- 1 An líon tíortha a bhí san Aontas Eorpach nuair a dearadh an bhratach.
- 2 Aontacht, dlúthpháirtíocht agus síocháin i measc mhuintir na hEorpa.
- 3 Fáinne an eolais agus na fírinne.




CEIST
9/13

Cén Ballstát...

- ...a throid cogadh neamhspleáchais idir 1991 agus 1995;
- ...a bhfuil patrún seicear dearg agus bán ar a armas;
- ...a bhí ar an tír is deireanaí a tháinig isteach san Aontas?

- 1 An Bhulgáir.
- 2 An Chróit.
- 3 An tSlóivéin.



© Jayakanth/StockAdobe.com


CEIST
10/13

Cé mhéad teanga oifigiúil atá ag an Aontas Eorpach?

1 24

2 23

3 19



©Hafez Razali/StockAdobe.com

CEIST
12/13

An 9 Bealtaine a dhéanann an tAontas Eorpach a lá breithe a cheiliúradh.
Cad is ainm don fhear a chuir i láthair plean an 9 Bealtaine 1950,
plean a mheastar gurbh é ba thús leis an Aontas Eorpach?

1 Alcide De Gasperi.

2 Robert Schuman.

3 Konrad Adenauer.




CEIST
11/13

Cé go mbíonn easaontú ann idir tíortha den Aontas Eorpach ó am go ham, níl aon athrú tagtha le breis agus trí scór bliain ar na bunphrionsabail atá mar bhonn ag an Aontas. In 2012, tugadh aitheantas don obair a rinne an tAontas Eorpach chun mór-roinn na hEorpa a aontú.
Cén duais a bronnadh air?

1 Duais Charlemagne.

2 Duais Sakharov.

3 Duais Nobel na Síochána.




CEIST
13/13

Rialáíonn conarthaí an Aontais Eorpaigh an chaoi a ndéantar cinntí agus na réimsí ina bhfeidhmíonn tíortha an Aontais i gcomhpháirt.
Cén chathair san Eoraip inár síníodh an conradh is deireanaí?

1 An Róimh.

2 Amstardam.

3 Liospóin.




© EyesTravelling/StockAdobe.com

FREAGRA
1/13

Tar éis don Eoraip dhá chogadh dhomhanda uafásacha inar maraíodh na milliúin duine a chur di le linn na 20ú haoise, chinn roinnt tíortha Eorpacha ar dhul i gcomhar le chéile le nach dtarlódh a leithéid de dhoirteadh fola arís.

Cé hiad na tíortha sin a bhunaigh an tAontas Eorpach?

 An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír.

An chaoi ar cuireadh tús leis


Is iad na tíortha a bhunaigh an tAontas Eorpach: an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír. Ba in 1986 a fuair an Spáinn ballraíocht sna Comhphobail Eorpacha. Ba in 1973 a rinneadh Ballstát den Danmhairg.



FREAGRA
3/13

Go gairid i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, rinneadh dhá leath den Eoraip – an chuid thiar agus an chuid thoir. Siombail den deighilt sin ab ea Balla Bheirlín a scar Beirlín Thoir ó Bheirlín Thiar ar feadh beagnach tríocha bliain, go dtí gur thit sé in 1989.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

 Thit Balla Bheirlín toisc gur chuir daoine i gcoinne réimeas na gcumannach i lár agus in oirthear na hEorpa.

Titim Bhalla Bheirlín

Ba shiombail é titim Bhalla Bheirlín an 9 Samhain 1989 de chliseadh an chumannachais i lár agus in oirthear na hEorpa, sa Pholainn agus san Ungáir ar dtús.

Bhí an Ghearmáin ar cheann de na tíortha a bhunaigh an tAontas Eorpach, ach ba é Iarthar na Gearmáine a shínigh an chéad Chonradh in 1951. Nuair a athaontaíodh an Ghearmáin i mí Dheireadh Fómhair 1990, ba é Oirthear na Gearmáine, mar a bhíodh, a tháinig isteach san Aontas Eorpach. Ba é Iarthar na Gearmáine a bhuaigh 1-0 i gcoinne na hAirgintíne agus a bhain Corn an Domhain i mí Iúil 1990. Níor athaontaíodh Oirthear na Gearmáine agus Iarthar na Gearmáine go dtí 3 Deireadh Fómhair na bliana sin. Fuair an Ghearmáin a céad bhua mar náisiún aontaithe i gCorn an Domhain in 2014 nuair a bhuaigh sí 1-0 i gcoinne na hAirgintíne arís.




© Unknown photographer, Reproduction by Lear 21 (CC BY-SA 3.0)

FREAGRA
2/13

Le nach bhféadfaidís éirí amach go rúnda i gcoinne a chéile, rinne na tíortha sin an cinneadh a dtionscal guail agus a dtionscal cruach a stiúradh le chéile. I ndiaidh an méid sin a dhéanamh, bheartaigh siad an comhar eatarthu a chur chun cinn in eamálacha eile den gheilleagar.

Cad is ainm don eagraíocht a bhunaigh siad in 1957?

 Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Earnálacha nua den gheilleagar

Is le Conradh na Róimhe a bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Síníodh an conradh sin i bpríomhchathair na hIodáile an 25 Márta 1957.

Ba roinnt blianta roimhe sin, le Conradh Pháras, a bunaíodh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach. Síníodh Conradh Pháras an 18 Aibreán 1951 agus tháinig sé i bhfeidhm an 23 Iúil 1952.


Is comhlacht comhairleach de chuid an Aontais Eorpaigh atá i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Bunaíodh é in 1957. Is é atá ann ionadaithe ó eagraíochtaí oibrithe agus fostóirí agus ionadaithe ó pháirtithe leasmhara eile. Is nasc atá ann idir institiúidí cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh agus saoránaigh an Aontais.



FREAGRA
4/13

1973 an chéad uair a tháinig méadú ar an Aontas Eorpach. Bhí naoi mBallstát ann feasta.


Cé na trí thír a tháinig isteach san Aontas an bhliain sin?

 An Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe.

An chéad mhéadú ar an Aontas

Tháinig an Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe isteach sna Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1973. D'fhág sin go raibh naoi mBallstát ann feasta, na trí thír sin móide an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír.

Tar éis don Iorua reifreann a reáchtáil, bheartaigh sí gan teacht isteach. Tháinig an Ghraonlainn isteach sna Comhphobail Eorpacha, mar chuid den Danmhairg, in 1973. Tharraing an Ghraonlainn amach as na Comhphobail arís de thoradh reifreann a eagraíodh in 1982, ach tá ceangal aici go fóill leis an Aontas Eorpach mar chríoch thar lear. In 2020, d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach.



FREAGRA
5/13

Sna 1970í, ghlac trí cinn de tíortha san Eoraip, a raibh deachtóirí i gceannas orthu roimhe sin, an daonlathas chucu féin agus ar an mbonn sin bhí siad in ann cur isteach ar bhallaíocht san Aontas Eorpach.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Tháinig an Ghréig isteach in 1981.
Tháinig an Spáinn agus an Phortaingéil isteach ina dhiaidh sin in 1986.

Tíortha nuadhaonlathacha a tháinig isteach san Aontas Eorpach

A luaithe a tháinig an daonlathas i réim sa Ghréig, sa Spáinn agus sa Phortaingéil, bhí na tíortha sin in ann cur isteach ar bhallaíocht san Aontas Eorpach.

Ba í an Ghréig an chéad tír acu a tháinig isteach, in 1981, rud a d'fhág deich mBallstát san Aontas. Cúig bliana ina dhiaidh sin, in 1986, a tháinig an Spáinn agus an Phortaingéil isteach.



FREAGRA
7/13

Bíonn bratach na hEorpa ar foluain ag parlaimintí, ar fhoirgnimh, i bpáirceanna agus ar shéadchomharthaí i ngach cearn den Eoraip.

Cad dó a seasann na 12 réalta órga ar an gcúlra gorm?



Aontacht, dlúthpháirtíocht agus síocháin i measc mhuintir na hEorpa.

Bratach an Aontais Eorpaigh

Seasann na 12 réalta órga ar an gcúlra gorm do mhuintir na hEorpa agus iad cruinn i gciorcal, siombail den aontacht.

Is siombail den Aontas Eorpach í bratach na hEorpa agus, ar bhonn níos leithne, is siombail í d'ídéil na haontachta, na dlúthpháirtíochta agus na síochána i measc mhuintir na hEorpa.



6/13

Le titim Bhalla Bheirlín, réitíodh an bealach do na tíortha sin i lár agus in oirthear na hEorpa a bhí faoi réimeas an Aontais Shóivéadaigh go dtí sin, an córas a bhíodh i bhfeidhm acu a athrú agus dul isteach san Aontas Eorpach.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?




I mí na Bealtaine 2004 tháinig ocht dtír i lár agus in oirthear na hEorpa agus dhá oileán sa Mheánmhuir isteach san Aontas.

Méadú 2004

Tháinig deich dtír isteach san Aontas in 2004: ocht dtír i lár agus in oirthear na hEorpa — an tSeicia, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin — agus oileán na Cipire agus oileán Mhálta sa Mheánmhuir.

D'fhág an méadú mór sin go raibh 25 Bhallstát san Aontas feasta. Trí bliana ina dhiaidh sin, an 1 Eanáir 2007, tháinig an Bhulgáir agus an Rómáin isteach san Aontas.



FREAGRA
8/13

Cén Ballstát...

- ...atá ar cheann de na seacht monarchacht san Aontas Eorpach;
- ...a bhfuil cáil ar an gceiliúradh a dhéantar ann oíche Fhéile Eoin (lár an tsamhraidh); agus
- ...a tháinig isteach san Aontas Eorpach in 1995, in éineacht le dhá thír eile?



An tSualainn.

An tSualainn

Tháinig an tSualainn isteach san Aontas Eorpach in 1995, in éineacht leis an Ostair agus an Fhionlainn.



FREAGRA
9/13

Cén Ballstát...

- ...a throid cogadh neamhspleáchais idir 1991 agus 1995;
- ...a bhfuil patrún seicear dearg agus bán ar a armas;
- ...a bhí ar an tír is deireanaí a tháinig isteach san Aontas?

 An Chróit.

An Chróit


Is í an Chróit an Ballstát is deireanaí a tháinig isteach san Aontas Eorpach, in 2013. Tháinig an tSlóivéin isteach san Aontas in 2004 agus an Bhulgáir in 2007.



FREAGRA
11/13

Cé go mbíonn easaontú ann idir tíortha den Aontas Eorpach ó am go ham, níl aon athrú tagtha le breis agus trí scór bliain ar na bunphrionsabail atá mar bhonn ag an Aontas. In 2012, tugadh aitheantas don obair a rinne an tAontas Eorpach chun mór-roinn na hEorpa a aontú.

Cén duais a bronnadh air?

 Duais Nobel na Síochána.

Duais Nobel na Síochána

Is í Parlaimint na hEorpa a bhronnann Duais Sakharovgach gach bliain ar dhaoine aonair a chabhraigh go mór leis an troid ar son chearta an duine ar fud an domhain.

Bronntar Duais Charlemagne ar dhaoine nó ar eagraíochtaí a rinne obair eisceachtúil ar son aontacht na hEorpa. Bronnadh í ar institiúid Eorpach – Coimisiún na gComhphobal Eorpach – seachas ar dhuine, den chéad uair, in 1969.



FREAGRA
10/13

Cé mhéad teanga oifigiúil atá ag an Aontas Eorpach?

 24


Teangacha oifigiúla an Aontais

Ón uair a tháinig an Chróit isteach san Aontas Eorpach in 2013 tá 24 theanga oifigiúla ann. Fágann sé sin gur féidir scríobh chuig institiúidí an Aontais Eorpaigh in aon cheann de na 24 theanga oifigiúla agus freagra a fháil ar ais sa teanga chéanna.




FREAGRA
12/13

An 9 Bealtaine a dhéanann an tAontas Eorpach a lá breithe a cheiliúradh. **Cad is ainm don fhear a chuir i láthair plean an 9 Bealtaine 1950, plean a mheastar gurbh é ba thús leis an Aontas Eorpach?**

 Robert Schuman.

Lá na hEorpa

Téann lorg an Aontais Eorpaigh siar go dtí an togra maidir leis an tionscal gaíl agus an tionscal cruach a stiúradh le chéile, togra a chuir an t-aire gnóthaí eachtracha a bhí ar an bhFrainc san am, Robert Schuman, i láthair an 9 Bealtaine 1950. Trí chinneadh a dhéanamh le chéile faoin méid a dhéanfaí le gual agus le cruach na hEorpa, ní bheadh aon náisiún amháin in ann airm a dhéanamh gan na náisiúin eile a bheith ar an eolas faoi.



FREAGRA
13/13

Rialáíonn conarthaí an Aontais Eorpaigh an chaoi a ndéantar cinntí agus na réimsí ina bhfeidhmíonn tíortha an Aontais i gcomhpháirt.
Cén chathair san Eoraip inár síníodh an conradh is deireanaí?

 Liospóin.


Conradh Liospóin

Síníodh Conradh Liospóin i bpríomhchathair na Portaingéile an 13 Nollaig 2007 agus rinneadh dlí de an 1 Nollaig 2009. Is é is aidhm don Chonradh sin an tAontas a dhéanamh níos daonlathaí agus níos éifeachtúla agus a chinntiú gur fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna domhanda, ar nós athrú aeráide, d'aon ghuth.



CONAS A OIBRÍONN AN tAONTAS?

An eol duit cé a dhéanann na cinntí san Aontas Eorpach? Is féidir leat do chuid eolais ar na príomhinstitiúidí agus ar na daoine a bhíonn ag obair iontu a thástáil thíos.



AN tAONTAS EORPACH –
CAD É FÉIN?

CEISTEANNA p. 3
FREAGRAÍ p. 10

CONAS A OIBRÍONN AN
tAONTAS?

CEISTEANNA p. 17
FREAGRAÍ p. 24

CÉN BHAINN ATÁ AG AN
AONTAS EORPACH LE DO
SHAOL LAETHÚIL?

CEISTEANNA p. 31
FREAGRAÍ p. 38

CAD ATÁ AR CHLÁR OIBRE
AN AONTAIS EORPAIGH?

CEISTEANNA p. 44
FREAGRAÍ p. 51

CEIST
1/13

Is í an Bhruiséil príomhchathair na Beilge, ach is minic a thugtar príomhchathair na hEorpa uirthi freisin toisc na príomhinstitiúidí a bheith lonnaithe ansin.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?


- 1** Is é an Coimisiún Eorpach a chinneann na dlíthe agus na bearta nua uile atá ag an Aontas Eorpach.
- 2** Is é an Coimisiún Eorpach a mholann reachtaíocht nua agus is í Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa a dhéanann an cinneadh deiridh faoi gach dlí de chuid an Aontais Eorpaigh.
- 3** Is í an Chomhairle Eorpach, ar a bhfuil uachtaráin agus príomhairí Bhallstáit an Aontais, a ghlacann dlíthe an Aontais Eorpaigh.



CEIST
2/13

Bíonn Coimisinéir amháin as gach Ballstát ar an gCoimisiún Eorpach. Tugtar Coláiste na gCoimisinéirí orthu le chéile. **Cé acu de na ráitis seo atá fíor?**


- 1 Cuireann na Coimisinéirí dearcadh a dtíre féin in iúl.
- 2 Is gá do Choimisinéirí a bheith ina státseirbhísigh ina dtír féin le bheith incháilithe do phost an Choimisinéara.
- 3 Is iad a rialtais náisiúnta a ainmníonn na Coimisinéirí agus is í Parlaimint na hEorpa a cheadaíonn an t-ainmniú sin.



CEIST
4/13

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh ionadaíocht do rialtais na mBallstát. Tagann airí ó gach Ballstát le chéile sa Chomhairle chun nithe a bhaineann leis an Aontas a phlé, agus chun cinntí a dhéanamh maidir le beartais agus dlíthe an Aontais. **Cé acu de na ráitis seo atá fíor?**

- 1 Caitheann gach aire sa Chomhairle vóta thar ceann a rialtais féin.
- 2 Déanann gach Ballstát obair na Comhairle a stiúradh ar feadh bliain amháin ar a sheal.
- 3 Na cinntí go léir a dhéantar sa Chomhairle, is gá iad a chomhaontú d'aon ghuth.



© Philippe Samyn and Partners architects and engineers - lead and design Partner Studio Valle Progettazione architects Büro Happold engineers - © Colour compositions by Georges Meurant

CEIST
3/13

Is í Parlaimint na hEorpa guth an phobail leibhéal na hEorpa. Is í an Pharlaimint a dhéanann ionadaíocht do shaoránaigh na mBallstát sna cinntí a dhéantar ar an leibhéal Eorpach. **Cé acu de na ráitis seo atá fíor?**


- 1 Is iad na parlaimintí náisiúnta a cheapann Feisirí Parlaimint na hEorpa.
- 2 Is iad saoránaigh an Aontais Eorpaigh a thoghaann Feisirí Parlaimint na hEorpa gach ceithre bliana.
- 3 Na tíortha sin a bhfuil daonra mór iontu, bíonn níos mó Feisirí acu i bParlaimint na hEorpa ná tíortha a bhfuil daonra beag iontu.



CEIST
5/13

Is iad ceannairí stáit nó rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bhíonn ar an gComhairle Eorpach. Is minic a thugtar 'cruinnithe mullaigh Eorpacha' ar a gcrúinnithe. **Cé acu de na ráitis seo atá fíor?**

- 1 Is uachtarán a cheaptar do thréimhse dhá bhliain a bhíonn ina chathaoirleach ar an gComhairle Eorpach.
- 2 Tionóltar an Chomhairle Eorpach in Strasbourg uair sa mhí.
- 3 Socraíonn an Chomhairle Eorpach príomhthosaíochtaí an Aontais agus an mórtreocht bheartais.



CEIST
6/13

Bunaíodh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 1952. Is é is cúram di féachaint chuige go ndéantar dlí an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna sna Ballstáit go léir.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?


- 1 Is in Frankfurt atá an Chúirt Bhreithiúnais.
- 2 Mura bhfuil cúirt náisiúnta cinnte faoin dóigh ar cheart dlí ón Aontas Eorpach a léiriú, féadfaidh sí iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais soiléiriú a thabhairt.
- 3 Le go bhféadfaidh an Chúirt oibriú níos fearr, is i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin a dhéantar cásanna na cúirte a bhainistiú.



CEIST
8/13

Táim i m'Uachtarán ar institiúid Eorpach agus thogh Parlaimint na hEorpa mé ar feadh tréimhse 5 bliana.
Tá mé i gceannas ar fhoireann ar a dtugtar 'an coláiste'. Is é an cúram atá orainn leasanna an Aontais Eorpaigh ina iomláine a chur chun cinn.
Is mise an chéad bhean a toghadh sa ról seo.
Cé mise?

- 1 Christine Lagarde thú, Uachtarán Bhanc Ceannais na hEorpa.
- 2 Ursula von der Leyen thú, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh
- 3 Emily O'Reilly thú, an tOmbudsman Eorpach.



CEIST
7/13

Tá roinnt bealaí ann inar féidir le saoránaigh an Aontais tionchar a imirt ar bheartais an Aontais, mar shampla trí thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh nó tacú lena leithéid sin de thionscnamh.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?


- 1 Ionas go mbeidh tú in ann tionscnamh ó na saoránaigh a sheoladh chuig an Coimisiún Eorpach lena scrúdú, is gá duit tacaíocht a fháil ó aon mhíliúin duine ó sheacht dtír de chuid an Aontais ar a laghad.
- 2 Is féidir le gach saoránach den Aontas a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach togra reachtaíochta a ullmhú chun dlí a cheapadh.
- 3 Níl aon íoscheanglais aoise ann maidir le cé atá ceadaithe tacú le tionscnamh.



CEIST
9/13

Déanaim beartas an Aontais Eorpaigh i leith tíortha agus eagraíochtaí eile a chomhordú agus a chur i gcrích.
Déanaim ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an leibhéal idirnáisiúnta, sna Náisiúin Aontaithe mar shampla.
Is Iar-Aire de chuid na Spáinne mé agus bhí mé i m'Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa idir 2004 agus 2007.
Cé mise?


- 1 Paschal Donohoe thú, Uachtarán an Ghrúpa Euro.
- 2 Didier Reynders thú, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas
- 3 Josep Borrell thú, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.



CEIST
10/13

Tá mé i m'Uachtarán ar institiúid Eorpach a dhéanann ionadaíocht do shaoránaigh an Aontais. Is mise a shíníonn buiséad an Aontais Eorpaigh lena cheadú. Is as an tír is lú den Aontas dom.
Cé mise?

- 1 Christine Lagarde thú, Uachtarán Bhanc Ceannais na hEorpa.
- 2 Emily O'Reilly thú, an tOmbudsman Eorpach.
- 3 Roberta Metsola thú, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.



Cá mhéad cruinniú ('seisiún') a bhíonn ag Parlaimint na hEorpa le linn na bliana agus cén áit a mbíonn siad ar siúl?

CEIST
12/13

- 1 12 sheisiún sa Bhruiséil, suas le sé sheisiún in Strasbourg.
- 2 12 sheisiún in Strasbourg, suas le sé sheisiún sa Bhruiséil.
- 3 12 sheisiún in Strasbourg, sé sheisiún sa Bhruiséil.



CEIST
11/13

Tá mé i m'Uachtarán ar institiúid Eorpach, agus ceapadh mé ar feadh dhá bhliain go leith. Is mise a bhíonn sa chathaoir le linn cruinnithe le cinn stáit nó rialtais ó na Ballstáit. Chaith mé cúig bliana i mo Phríomh-Aire ar an mBeilg.
Cé mise?

- 1 Charles Michel thú, Uachtarán na Comhairle Eorpaí.
- 2 Paschal Donohoe thú, Uachtarán an Ghrúpa Euro.
- 3 Klaus-Heiner Lehne thú, Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.



CEIST
13/13

Tá isteach is amach le 33,000 duine ag obair sa Choimisiún Eorpach. Is iomaí sin cineál oibre a bhíonn ar siúl acu. Tá daoine fostaithe mar riarthóirí, saineolaithe, aistritheoirí, ateangairí agus cúntóirí.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 Is trí chomórtais earcaíochta a roghnaítear foireann an Choimisiúin agus bíonn saoránaigh as gach ceann de na Ballstáit ar an bhfoireann.
- 2 Ní gá do dhuine a bheith ina shaoránach den Aontas Eorpach chun post a fháil sa Choimisiún Eorpach.
- 3 Is gá tréimhse oiliúna a dhéanamh leis an Aontas Eorpach sular féidir post a fháil sa Choimisiún Eorpach.



FREAGRA
1/13

Is í an Bhruiséil príomhchathair na Beilge, ach is minic a thugtar príomhchathair na hEorpa uirthi freisin toisc na príomhinstiitúidí a bheith lonnaithe ansin.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Is é an Coimisiún Eorpach a mholann reachtaíocht nua agus is í Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa a dhéanann an cinneadh deiridh faoi gach dlí de chuid an Aontais Eorpaigh.

Cinntí a dhéanamh san Aontas Eorpach

Is é an Coimisiún Eorpach a ullmhaíonn na tograí le haghaidh dlíthe nua Eorpacha.

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh (a dhéanann ionadaíocht do rialtais na mBallstát) agus Parlaimint na hEorpa (arb iad saoránaigh an Aontais a thoghaann í) na tograí sin a phlé, a leasú agus, ar deireadh thiar, a ghlacadh nó a dhiúltú.

Sin an próiseas is coitianta le cinntí a dhéanamh san Aontas Eorpach. Tugtar an gnáthnós imeachta reachtach, nó 'comhchinnteoireacht', air.



FREAGRA
3/13

Is í Parlaimint na hEorpa guth an phobail leibhéal na hEorpa. Is í an Pharlaimint a dhéanann ionadaíocht do shaoránaigh na mBallstát sna cinní a dhéantar ar an leibhéal Eorpach.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Na tíortha sin a bhfuil daonra mór iontu, bíonn níos mó Feisirí acu i bParlaimint na hEorpa ná tíortha a bhfuil daonra beag iontu.

Parlaimint na hEorpa

Gach cúig bliana bíonn ar shaoránaigh an Aontais Eorpaigh vótáil chun a gcuid ionadaithe i bParlaimint na hEorpa a roghnú. Roinntear na suíocháin sa Pharlaimint idir na Ballstáit de réir an daonra atá i ngach Ballstát ar leith, rud a chiallaíonn go mbíonn níos mó ionadaithe sa Pharlaimint ag tíortha móra ná mar a bhíonn ag tíortha beaga. Reáchtáladh na toghcháin Eorpacha dheireanacha in earrach 2019. Reáchtálfar na chéad toghcháin eile in 2024. Tá sé de cheart ag na saoránaigh i bhformhór na mBallstát vóta a chaitheamh a luaithe a bhainfidh siad 18 mbliana d'aois amach. Is in aois 16 bliana atá sé de cheart ag saoránaigh den Ostair agus de Mhálta vóta a chaitheamh agus in aois 17 mbliana i gcás saoránaigh den Ghréig. Tá roinnt tíortha ann, ar nós na Beilge agus na Gearmáine, a d'ísligh an aois vótála go 16 bliana le haghaidh toghcháin áirithe ar nós na dtoghchán Eorpach.



© tanaonte/StockAdobe.com

FREAGRA
2/13

Bíonn Coimisinéirí amháin as gach Ballstát ar an gCoimisiún Eorpach. Tugtar Coláiste na gCoimisinéirí orthu le chéile.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Is iad a rialtais náisiúnta a ainmníonn na Coimisinéirí agus is í Parlaimint na hEorpa a cheadaíonn an t-ainmniú sin.

An Coimisiún Eorpach

Ní dhéanann na coimisinéirí ionadaíocht do thuairimí a dtíre dúchais. Ina ionad sin, is chun leas coiteann an Aontais Eorpaigh a ghníomhaíonn siad. Is minic Coimisinéirí ina bpolaiteoirí tábhachtacha náisiúnta sula n-ainmníonn a rialtais iad. Is é an t-iarrthóir ar Uachtaránacht an Choimisiúin a roghnaíonn na Coimisinéirí as na daoine atá ainmnithe ag na rialtais náisiúnta.

Bíonn ar gach ainmní dul os comhair Parlaimint na hEorpa leis an bhfís atá aige nó aici a mhíniú agus ceistanna a fhreagairt. Caitheann an Pharlaimint vóta ansin faoi cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar leis na hainmnithigh mar fhoireann. Is í an Chomhairle Eorpach a cheapann iad ina gCoimisinéirí.



FREAGRA
4/13

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh ionadaíocht do rialtais na mBallstát. Tagann airí ó gach Ballstát le chéile sa Chomhairle chun nithe a bhaineann leis an Aontas a phlé, agus chun cinntí a dhéanamh maidir le beartais agus dlíthe an Aontais.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Caitheann gach aire sa Chomhairle vóta thar ceann a rialtais féin.

Comhairle an Aontais Eorpaigh

Bíonn sé d'údarás ag na hairí a ghealladh go gcloifidh a gcuid rialtas leis na bearta a ndéantar comhaontú fúthu sna cruinnithe.

Dá mbeadh ar na Ballstáit uile teacht ar chomhaontú d'aon ghuth faoi na cinntí go léir, is beag dul chun cinn a dhéanfaí san Aontas Eorpach. Is trí vóta tromlaigh a dhéanann na hairí cinntí ina lán réimsí. De réir mar a chomhaontaigh siad, tá vóta d'aon ghuth i bhfeidhm, áfach, i roinnt réimsí conspóideacha, e.g. an cánachas agus ceistanna slándála.



© Philippe Samyn and Partners architects and engineers - lead and design Partner Studio Valle Progettazioni architects Büro Happold engineers

FREAGRA
5/13

Is iad ceannairí stáit nó rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bhíonn ar an gComhairle Eorpach. Is minic a thugtar 'cruinnithe mullaigh Eorpacha' ar a gcruinnithe.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Socraíonn an Chomhairle Eorpach príomhthosaíochtaí an Aontais agus an mórtreocht bheartais.

An Chomhairle Eorpach

Is í an Chomhairle Eorpach an leibhéal is airde comhoibríthe pholaitiúil idir na Ballstáit. Tagann ceannairí an Aontais Eorpaigh le chéile faoi dhó ar a laghad gach 6 mhí. Is sa Bhruiséil a thionóltar a gcruinnithe (na cruinnithe mullaigh). Is é Uachtarán na Comhairle Eorpaí a bhíonn ina chathaoirleach ar na cruinnithe sin. Is féidir leis an Uachtarán, a mbíonn téarma oifige dhá bhliain go leith aige, cruinnithe urghnácha den Chomhairle Eorpach a ghairm nuair is gá.



© Philippe Samyn and Partners architects and engineers - lead and design Partner Studio Valle Progettazioni architects Büro Happold engineers - © Colour compositions by Georges Meurant

FREAGRA
7/13

Tá roinnt bealaí ann inar féidir le saoránaigh an Aontais tionchar a imirt ar bheartais an Aontais, mar shampla trí thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh nó tacú lena leithéid sin de thionscnamh.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Ionas go mbeidh tú in ann tionscnamh ó na saoránaigh a sheoladh chuig an Choimisiún Eorpach lena scrúdú, is gá duit tacaíocht a fháil ó aon mhiliúin duine ó sheacht dtír de chuid an Aontais ar a laghad.

Guth na saoránach

Is féidir le grúpa ina bhfuil ar a laghad seachtar saoránach den Aontas atá ina gcónaí i seacht dtír éagsúla den Aontas tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh. Is gá tacaíocht don tionscnamh a fháil ó aon mhiliúin duine, nó beagán os cionn 0.2% de dhaonra an Aontais, ó sheacht mBallstát ar a laghad. Nuair a bhainfear amach an líon sin, is féidir an tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena scrúdú. Ba é toradh an chéad tionscnamh Eorpaigh ó na saoránaigh 'Right2Water', ar cuireadh 1.6 milliún síniú leis, go ndearnadh togra reachtaíochta maidir le rialacha nua ar uisce óil. Chun tacú le tionscnamh, is gá duit a bheith i dteideal vótáil sna toghcháin Eorpacha i do thírse (is idir 16 bliana agus 18 mbliana d'aois atá an aois íosta vótála i dtíortha éagsúla den Aontas).



© nipho/StockAdobe.com

FREAGRA
6/13

Bunaíodh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 1952. Is é is cúram di féachaint chuige go ndéantar dlí an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar an gcaoi chéanna sna Ballstáit go léir.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Mura bhfuil cúirt náisiúnta cinnte faoin dóigh ar cheart dlí ón Aontas Eorpach a léiriú, féadfaidh sí iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais soiléiriú a thabhairt.

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Is í an Chúirt Bhreithiúnais an t-údarás dlí is airde san Aontas Eorpach agus is í Lucsamburg atá sí. Má bhíonn cúirt náisiúnta in amhras mar gheall ar léirmhíniú nó bailíocht dhlí an Aontais, féadfaidh sí soiléiriú a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais. Is féidir úsáid a bhaint as an bpróiseas céanna chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil dlí nó cleachtas náisiúnta ag teacht le dlí an Aontais nó nach bhfuil. Tá a theanga féin agus a chóras dlí féin ag gach Ballstát, rud a fhágann gur institiúid ilteangach í an Chúirt Bhreithiúnais. Níl a leithéid sin de shocruithe teanga le fáil i gcúirt ar bith eile ar domhan. Is féidir cás a thionscnamh i gceann ar bith de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.



FREAGRA
8/13

Táim i m'Uachtarán ar institiúid Eorpach agus thogh Parlaimint na hEorpa mé ar feadh tréimhse 5 bliana. Tá mé i gceannas ar fhoireann ar a dtugtar 'an coláiste'. Is é an cúram atá orainn leasanna an Aontais Eorpaigh ina iomláine a chur chun cinn. Is mise an chéad bhean a toghadh sa ról seo.
Cé mise?



Ursula von der Leyen thú, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

Is í Ursula von der Leyen Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ón 1 Nollaig 2019. Déanann an tUachtarán Ursula von der Leyen ionadaíocht don Choimisiún i gcruinnithe den Chomhairle Eorpach, cruinnithe mullaigh G7 agus G20 agus i gcruinnithe le tíortha nach Ballstáit iad.



FREAGRA
9/13

Déanaim beartas an Aontais Eorpaigh i leith tíortha agus eagraíochtaí eile a chomhordú agus a chur i gcrích. Déanaim ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an leibhéal idimáisiúnta, sna Náisiúin Aontaithe mar shampla. Is Iar-Aire de chuid na Spáinne mé agus bhí mé i m'Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa idir 2004 agus 2007.
Cé mise?

😊 Josep Borrell thú, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Ardionadaí an Aontais

Is é Josep Borrell Ardionadaí an Aontais don Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála ón 1 Nollaig 2019. Tá freagracht air, mar príomhthaidhleoir an Aontais, as beartas eachtrach, beartas slándála agus beartas cosanta an Aontais a mhúnú agus a chur chun feidhme. Tá sé ina Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach freisin



FREAGRA
11/13

Tá mé i m'Uachtarán ar institiúid Eorpach, agus ceapadh mé ar feadh dhá bhliain go leith. Is mise a bhíonn sa chathaoir le linn cruinnithe le cinn stáit nó rialtais ó na Ballstáit. Chaith mé cúig bliana i mo Phríomh-Aire ar an mBeilg.
Cé mise?

😊 Charles Michel thú, Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

Uachtarán na Comhairle Eorpaí

Atoghadh Charles Michel in 2022 mar Uachtarán ar an gComhairle Eorpach go dtí an 30 Samhain 2024. Tá cúram air as cruinnithe Chomhairle na hEorpa a thionól agus a stiúradh agus as a cuid oibre a thiomáint ar aghaidh. Is é ionadaí Charles Michel ionadaí seachtrach an AE ar shaincheisteanna eachtracha agus slándála, mar aon le Josep Borrell, Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála. Is é ionadaí an AE, leis, ag cruinnithe mullaigh G7 agus G20, mar aon le Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh.



FREAGRA
10/13

Tá mé i m'Uachtarán ar institiúid Eorpach a dhéanann ionadaíocht do shaoránaigh an Aontais. Is mise a shíníonn buiséad an Aontais Eorpaigh lena cheadú. Is as an tír is lú den Aontas dom.
Cé mise?

😊 Roberta Metsola thú, Uachtarán Parlaimint na hEorpa.

Uachtarán Parlaimint na hEorpa,

Toghadh Antonio Tajani ina hUachtarán ar Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2022, do thréimhse dhá bhliain go leith. Rugadh í i Málta in 1979 agus is í an tUachtarán is óige riamh a toghadh ar an bParlaimint. Is ball í de Ghrúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (Grúpa PPE), arb é an grúpa polaitiúil is mó i bParlaimint na hEorpa.



FREAGRA
12/13

Cá mhéad cruinniú ('seisiún') a bhíonn ag Parlaimint na hEorpa le linn na bliana agus cén áit a mbíonn siad ar siúl?

😊 12 sheisiún in Strasbourg, suas le sé sheisiún sa Bhruiséil.

Parlaimint na hEorpa

Bíonn príomhchruinnithe Parlaimint na hEorpa, ar a dtugtar 'seisiún iomlánacha', ar siúl in Strasbourg na Fraince, 12 uair sa bhliain, agus i mBruiséil na Beilge, suas le sé huair sa bhliain.



FREAGRA
13/13

Tá isteach is amach le 33,000 duine ag obair sa Choimisiún Eorpach. Is iomaí sin cineál oibre a bhíonn ar siúl acu. Tá daoine fostaithe mar riarthóirí, saineolaithe, aistritheoirí, ateangairí agus cúntóirí.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Is trí chomórtais earcaíochta a roghnaítear foireann an Choimisiúin agus bíonn saoránaigh as gach ceann de na Ballstáit ar an bhfoireann.

An Coimisiún Eorpach

Is as gach ceann de na Ballstáit a thagann na hoifigigh sin atá fostaithe sa Choimisiún agus roghnaítear iad trí chomórtais earcaíochta. Más spéis leat a bheith ag obair don Choimisiún, d'fhéadfá tosú ag obair ann mar oiliúnaí. A luaithe a bhainfidh tú céim amach ó ollscoil, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar chúrsa oiliúna leis an Aontas Eorpach. Ní réamhchoinníoll sin, áfach, chun post a fháil ar fhoireann an Choimisiúin.



© Jakub Krechowicz/Stock-Adobe.com

CÉN BHAINN ATÁ AG AN AONTAS EORPACH LE DO SHAOL LAETHÚIL??

Ar fhiafraigh tú díot féin riamh cad go díreach a dhéanann an tAontas Eorpach duit? Leanaimis Anna as an tSualainn chun a fháil amach cén bhainn atá ag an Aontas Eorpach lena saol.



AN TAONTAS EORPACH –
CAD É FÉIN?

CEISTEANNA p. 3
FREAGRAÍ p. 10

CONAS A OIBRÍONN AN
TAONTAS?

CEISTEANNA p. 17
FREAGRAÍ p. 24

CÉN BHAINN ATÁ AG AN
AONTAS EORPACH LE DO
SHAOL LAETHÚIL?

CEISTEANNA p. 31
FREAGRAÍ p. 38

CAD ATÁ AR CHLÁR OIBRE
AN AONTAIS EORPAIGH?

CEISTEANNA p. 44
FREAGRAÍ p. 51

CEIST
1/12

Tá an scoil díreach críochnaithe ag Anna agus ba mhaith léi cur lena cuid scileanna lodáilise. Chláraigh sí ar dhianchúrsa dhá mhí i scoil teanga san Iodáil.
Cad atá uirthi a dhéanamh sula bhfágfaidh sí?

- 1 Dada. Is féidir léi a mála a phacáil agus triall ar an Iodáil! Mar shaoránach den Aontas, tá an ceart ag Anna dul i mbun staidéir in aon tír den Aontas.
- 2 Ní mór d'Anna cur isteach ar chead cónaithe sealadach sula rachaidh sí chuig an Iodáil.
- 3 Ní mór d'Anna cur isteach ar víosa sula rachaidh sí i mbun staidéir san Iodáil.



© De Visu/Stock-Adobe.com

CEIST
2/12

Le linn d'Anna a bheith san Iodáil, casann sí le Pavel, ar mac léinn Erasmus+ as an tSeicia é.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?
Is é atá i gClár Erasmus+...

- 1 ...clár a chabhraíonn le daoine óga dul ag staidéar ina dtír féin.
- 2 ...clár do mhic léinn ollscoile amháin, clár nach gclúdaíonn bealaí eile foghlama.
- 3 ...clár a thugann deiseanna comhpháirtíochta do scoileanna agus eagraíochtaí as tíortha éagsúla san Aontas Eorpach.




© De Visu/Stock Adobe.com

CEIST
4/12

Tá Anna ag iarraidh cluasáin nua a cheannach san Iodáil agus tá súil aici go mbeidh siad sábháilte le húsáid. Déanann sí roinnt siopadóireachta ar líne freisin. Ach cé na cearta atá aici mar thomhaltóir?
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 Ní mór do tháirgí rialacha sábháilteachta agus comhshaoil a chomhlíonadh sular féidir iad a dhíol ar mhargadh aonair an Aontais.
- 2 De réir rialacha an Aontais, tá an ceart agat barántas bliana ar a laghad a fháil ar tháirgí ar nós earraí leictreonacha.
- 3 Má dhéanann tú earraí nó seirbhís a cheannach ar líne nó ar chaoi eile nach siopa é (ar an bhfón, le hordú poist, nó ó dhíoltóir sráide), tá an ceart agat d'ordú a chur ar ceal agus é a chur ar ais laistigh de 10 lá.



© De Visu/Stock Adobe.com

CEIST
3/12

Tugadh isteach nótaí bainc agus boinn euro in 2002 agus tá siad in úsáid anois i 20 dtír san Aontas Eorpach Tá taobh coiteann ar na boinn ar a bhfuil mapa den Eoraip, ach bíonn a dearadh féin ag gach tír ar an taobh eile. Teastaíonn ó Anna a dhéanamh amach cén tír arb as an bonn euro seo.
An féidir leat cabhrú léi?

- 1 An Liotuáin.
- 2 An Laitvia.
- 3 Lucsamburg.



© Taig/Stock Adobe.com

CEIST
5/12

Ba mhian le hAnna dul ar cuairt chuig a cara nua Seiceach, Pavel, ina bhaile dúchais féin. Tá ceisteanna aici faoi cé chomh héasca agus a bheidh sé.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 Ó chuir an tAontas Eorpach deireadh le monaplachtaí náisiúnta agus ó cheadaigh sé iomaíocht in earnáil na heitlíochta san Eoraip, tá eitiltí ag éirí níos costasaí.
- 2 Tá méadú tagtha ar an líon cathracha agus réigiún a bhfuil a n-aerfort féin acu agus tá níos mó eitiltí díreacha idir na cathracha sin.
- 3 Ní bheidh aon cheart ar chúiteamh ag Anna má bhí moill ar a heitilt nó má rinneadh ró-áirithint ar a heitilt.



© De Visu/Stock Adobe.com

CEIST
6/12

Tá sé níos deacra taisteal de bharr phaindéim COVID-19 ach tá an tsaoirse gluaiseachta fós ar cheann d'éachtaí móra an Aontais Eorpaigh. Faoi Chomhaontú Schengen, chuir formhór na mBallstát deireadh leis na rialuithe teorann a bhíodh eatarthu. Beidh Anna ag taisteal ar an mbus chuig an tSeicia agus beidh uirthi dul tríd an Ostair. Tá sí ag súil go mór leis an turas.
An mbeidh ar Anna a pas a thabhairt léi ar a turas?

- 1 Ní bheidh. Tá deireadh curtha le rialacha ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen ag 4 thír nach bhfuil san Aontas agus ag 23 Bhallstát den Aontas, an Ostair, an tSeicia agus an Iodáil ina measc. Is féidir le hAnna taisteal gan bhac thar an dá theorainn inmheánacha..
- 2 Beidh a fhios. Ní tír de chuid limistéar Schengen í an tSeicia, mar sin ní bheidh cead ag Anna an teorainn a thrasnú gan dul trí rialú teorann.
- 3 Ní bheidh. Laistigh den Eoraip ní gá duit do phas ná do chárta aitheantais a thaispeáint ag an teorainn ach amháin nuair atá tú ag taisteal chuig an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn nó Lichtinstéin.



© De Visu/Stock, Adobe.com

CEIST
8/12

Le linn d'Anna a bheith san Iodáil, bíonn sí i dteagmháil rialta ar a fón cliste lena cairde agus a muintir sa bhaile. Glaonn sí agus seolann sí téacsanna chuig a gcairde agus a muintir agus baineann sí úsáid as feidhmchláir meán sóisialta chun pictiúir agus eispéiris a roinnt leo.
Ach céard faoi tháillí fánaíochta Anna?
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 Is féidir le hAnna a fón cliste Sualannach a úsáid díreach ar an gcaoi chéanna a n-úsáidfeadh sí é sa bhaile fiú má fhanann sí san Iodáil ar feadh tréimhse níos faide.
- 2 A fhad agus nach mbíonn Anna ag taisteal ach ó am go ham agus go gcaitheann sí níos mó ama sa tSualainn ná thar lear, ní íocfaidh sí ach an méid sin a íocfaidh sí sa bhaile.
- 3 Ní chuirtear 'fánaíocht ar tháille baile' i bhfeidhm go huathoibríoch. Beidh ar Anna teagmháil a dhéanamh le hoibreoir na seirbhíse chun an rogha sin a chur i bhfeidhm.




© De Visu/Stock, Adobe.com

CEIST
7/12

Bhain Anna an-taitneamh as a turas chuig an tSeicia, ach ar an drochuair, thit sí agus chas sí a rúitín agus í ar cuairt ag ceann de na séadchomharthaí áille atá sa tír. Ar ámharaí an tsaoil, thug sí léi a Cárta Eorpach um Árachas Sláinte.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 Tá an ceart ag Anna cúram sláinte príobháideach a fháil in aisce.
- 2 Tá Anna i dteideal cúram sláinte poiblí a fháil lena Cárta Eorpach um Árachas Sláinte agus na táillí céanna is a íocann muintir na háite a íoc.
- 3 Ar an ábhar nach Seiceach í Anna, beidh uirthi íoc as an gcúram sláinte poiblí go léir a fuair sí sa tír.



© YAHOOES/StockAdobe.com

CEIST
9/12

Tá amhras ar Anna faoi chaighdeán an uisce snámha san Iodáil agus sa tSeicia agus níl afhios aici an mbeidh sí in ann snámh go sábháilte sna lochanna agus san fharraige.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 I rith an tséasúir snámha, ní gá do na Ballstáit an pobal a chur ar an eolas faoi chaighdeán an uisce snámha.
- 2 Ní chomhlíonann ach beagán le cois 50% de na hionaid snámha san Aontas Eorpach na híoschaighdeáin maidir le caighdeán an uisce.
- 3 Tá íoschaighdeáin leagtha síos san Aontas Eorpach maidir le huisce snámha agus bíonn ar gach tír san Aontas na caighdeáin sin a chomhlíonadh.




© Yury Brykaylo copyrighted

CEIST
10/12

Déanann an tAontas Eorpach infheistíocht i gcathracha agus i réigiúin na hEorpa. An chathair a mbeidh Anna ag fanacht inti san Iodáil, tá sí ar cheann de na cathracha atá páirteach i dtionscadal arb é is aidhm leis cabhrú le cathracha na hEorpa a bheith níos inbhuanaithe.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

- 1 Tá an maoiniú ón Aontas dírithe ar na tíortha sin a tháinig isteach san Aontas Eorpach in 2004 agus ina dhiaidh sin.
- 2 Caitear an tríú cuid de bhuiséad an Aontais Eorpaigh ar thionscadail a théann chun tairbhe do chathracha agus do réigiúin na hEorpa.
- 3 Ní féidir ach leis na Ballstáit is tearcforbartha leas a bhaint as maoiniú ón Aontas Eorpach.




© Mariana Ivanovska/StockAdobe.com

CEIST
12/12

A bhúiochas don turas a rinne Anna, tá dúil aici anois tabhairt faoin gcéad eachtra eile ina saol. Tá sí ag smaoineamh ar obair dheonach nó obair eile a dhéanamh mar chuid de thionscadal sa tSualainn, nó b'fhéidir i dtír eile. Is é tuairim a seanmháthar gur chuala sí trácht ar a leithéid de thionscadal.
Cad é is ainm don tionscadal sin?

- 1 An Cór Dlíthpháirtíochta
- 2 An Cór Dlíthpháirtíochta Eorpach
- 3 DiscoverEU



© De Visu/Stock Adobe.com

CEIST
11/12

Agus í ar ais sa bhaile sa tSualainn, insíonn Anna dá seanmháthair faoina turas san Eoraip. Deir a seanmháthair gur mhian léi féin a leithéid a dhéanamh agus í óg ach nach bhfuair sí deis riamh.
Cá mhéad duine óg a rinne staidéar, obair nó obair dheonach i dtír eile a bhí le Erasmus+?

- 1 1 mhilliún
- 2 5 mhilliún
- 3 10 mhilliún



© De Visu/Stock Adobe.com

AN tAONTAS EORPACH –
CAD É FÉIN?

CEISTEANNA p. 3
FREAGRAÍ p. 10

CONAS A OIBRÍONN AN
tAONTAS?

CEISTEANNA p. 17
FREAGRAÍ p. 24

CÉN BHAINT ATÁ AG AN
AONTAS EORPACH LE DO
SHAOL LAETHÚIL?

CEISTEANNA p. 31
FREAGRAÍ p. 38

CAD ATÁ AR CHLÁR OIBRE
AN AONTAIS EORPAIGH?

CEISTEANNA p. 44
FREAGRAÍ p. 51

FREAGRA
1/12

Tá an scoil díreach críochnaithe ag Anna agus ba mhaith léi cur lena cuid scileanna Iodáilise. Chláraigh sí ar dhianchúrsa dhá mhí i scoil teanga san Iodáil.
Cad atá uirthi a dhéanamh sula bhfágfaidh sí?

😊 Dada. Is féidir léi a mála a phacáil agus triall ar an Iodáil! Mar shaoránach den Aontas, tá an ceart ag Anna dul i mbun staidéir in aon tír den Aontas.

An tsaorghluaiseacht agus gan rialuithe a bheith ag na teorainneacha inmheánacha.

A bhúil leis an margadh aonair agus le cruthú Limistéar 'Schengen', is féidir le saoránaigh an Aontais dul ag taisteal, ag staidéar, ag obair nó ar scor ina rogha Ballstát gan mórán d'ualach riaracháin a bheith orthu agus gan dul trí rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha.

Mar gur saoránach den Aontas Eorpach í Anna, tá cead aici dul ag obair agus ag staidéar san Iodáil. Má fhanann sí san Iodáil níos faide ná 3 mhí, is féidir léi clárú leis na húdaráis chuí más mian léi.

Tá víosa ag teastáil ó shaoránaigh tríú tíortha chun staidéar a dhéanamh san Iodáil más mian leo fanacht sa tír sin níos faide ná 3 mhí. Níl víosa ag teastáil ó Anna.

Fonóta: Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, chuir roinnt tíortha srian sealadach ar an tsaorghluaiseacht agus cosc sealadach ar an taisteal neamhriachtanach.



© saktanong chaipunya/EyeEm/StockAdobe.com

FREAGRA
2/12

Le linn d'Anna a bheith san Iodáil, casann sí le Pavel, ar mac léinn Erasmus+ as an tSeicía é.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?
Is é atá i gClár Erasmus+...

😊 ...clár a thugann deiseanna comhpháirtíochta do scoileanna agus eagraíochtaí as tíortha éagsúla san Aontas Eorpach.

Erasmus+

Seoladh an clár Erasmus beagnach 30 bliain ó shin chun deis a thabhairt do mhic léinn cuid dá staidéar a dhéanamh in ollscoil i mBallstát eile.

Ní do mhic léinn ollscoile amháin clár Erasmus+ an lae inniu, agus tá go leor deiseanna eile á dtairiscint aige. Is féidir le daoine óga dul ag staidéar, faoi oiliúint nó i mbun obair dheonach laistigh den Aontas nó lasmuigh de i raon leathan réimsí, e.g. an cúram sóisialta, an comhshaol, an cultúr, an óige, an spórt, agus an comhar um fhorbairt.



FREAGRA
3/12

Tugadh isteach nótaí bainc agus boinn euro in 2002 agus tá siad in úsáid anois i 20 dtír san Aontas Eorpach. Tá taobh coiteann ar na boinn ar a bhfuil mapa den Eoraip, ach bíonn a dearadh féin ag gach tír ar an taobh eile. Teastaíonn ó Anna a dhéanamh amach cén tír arb as an bonn euro seo.
An féidir leat cabhrú léi?

😊 An Liotuáin.

An euro

In 2015, bhí an Liotuáin (lean an tsaighead ar an mapa) ar an 19ú Ballstát a tháinig isteach sa limistéar euro.

Is é Vytis, ar ridire ar muin capaill é agus claíomh agus sciath ina lámha aige, atá ar chúl bhonn euro na Liotuáine. Bíonn an íomhá chéanna le feiceáil ar armas na tíre.

Ón 1 Eanáir 2023 tá 20 tír mar chuid den limistéar euro: ó shin i leith, tá an Chróit i measc na mBallstát a úsáideann an euro mar airgeadra.



FREAGRA
4/12


Tá Anna ag iarraidh cluasáin nua a cheannach san Iodáil agus tá súil aici go mbeidh siad sábháilte le húsáid. Déanann sí roinnt siopadóireachta ar líne freisin. Ach cé na cearta atá aici mar thomhaltóir?
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

😊 Ní mór do tháirgí rialacha sábháilteachta agus comhshaoil a chomhlíonadh sular féidir iad a dhíol ar mhargadh aonair an Aontais.

Cosaint a thabhairt do thomhaltóirí

Bíonn barántas 2 bhliain ar a laghad ag dul le táirgí ar nós earraí leictreonacha a cheannaítear san Aontas Eorpach. Dá réir sin, má chliseann ar d'fhón póca tar éis bliana, déanfar é a dheisiú nó a athsholáthar in aisce, is cuma cén áit ar cheannaigh tú é.

Faoi dhlí na hEorpa, tá 14 lá agat chun earraí a ceannaíodh go cianda, is cuma ar líne, ar an nguthán, ó dhíoltóir sráide nó le hordú poist, a chur ar ais. Tá Anna i dteideal a hordú a chur ar ceal ar chúis ar bith laistigh den achar ama sin – fiú mura bhfuil ann ach athrú intinne.



© Gajus/StockAdobe.com

FREAGRA
5/12

Ba mhian le hAnna dul ar cuairt chuig a cara nua Seiceach, Pavel, ina bhaile dúchais féin. Tá ceisteanna aici faoi cé chomh héasca agus a bheidh sé.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Tá méadú tagtha ar an líon cathracha agus réigiúin a bhfuil a n-aerfort féin acu agus tá níos mó eitiltí díreacha idir na cathracha sin.

Cearta paisinéirí aeir

Mar gheall ar an iomaíocht, tháinig athruithe móra ar an aerthaisteal. Tá an t-aerthaisteal níos saoire agus níos sábháilte anois ná mar a bhí riamh agus fáil ag níos mó daoine air.

Tugann reachtaíocht an Aontais cosaint do chearta paisinéirí aeir agus iad ag taisteal san Eoraip. Má fhágtar ag aerfort thú de dheasca ró-áirithe a rinneadh ar d'eitilt, nó mar gur cuireadh moill mhór uirthi, tá tú i dteideal cúiteamh a iarraidh.



FREAGRA
7/12

Bhain Anna an-taitneamh as a turas chuig an tSeicia, ach ar an drochuair, thit sí agus chas sí a rúitín agus í ar cuairt ag ceann de na séadchomharthaí áille atá sa tír. Ar ámharáí an tsaol, thug sí léi a Cárta Eorpach um Árachas Sláinte.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



Tá Anna i dteideal cúram sláinte poiblí a fháil lena Cárta Eorpach um Árachas Sláinte agus na táillí céanna is a íocann muintir na háite a íoc.

Árachas sláinte ar chuirteanna sealadacha thar lear

Dá mba rud é go n-éireodh Anna tinn agus í ar chuairt shealadach i dtír eile san Aontas — is cuma an saoire nó tréimhse staidéir atá i gceist — bheadh sí i dteideal aon chóir leighis a fháil nach bhféadfaí déanamh dá huireasa go dtí go mbainfeadh sí an baile amach.

Is í d'institiúid árachais sláinte a sholáthraíonn an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte duit agus cruthaíonn an cárta sin go bhfuil árachas agat i dtír den Aontas. Nuair atá an cárta seo agat, is féidir leat rochtain a fháil ar chúram sláinte ón Stát thar lear, agus na táillí céanna is a íocann muintir na háite a íoc.



© Rochu_2008/StockAdobe.com

FREAGRA
6/12

Tá sé níos deacra taisteal de bharr phaindéim COVID-19 ach tá an tsaoirse gluaiseachta fós ar cheann d'éachtaí móra an Aontais Eorpaigh. Faoi Chomhaontú Schengen, chuir formhór na mBallstát deireadh leis na rialuithe teorann a bhíodh eatarthu. Beidh Anna ag taisteal ar an mbus chuig an tSeicia agus beidh uirthi dul tríd an Ostair. Tá sí ag súil go mór leis an turas.
An mbeidh ar Anna a pas a thabhairt léi ar a turas?



Ní bheidh. Tá deireadh curtha le rialacha ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen ag 4 thír nach bhfuil san Aontas agus ag 23 Bhallstát den Aontas, an Ostair, an tSeicia agus an Iodáil ina measc. Is féidir le hAnna taisteal gan bhac thar an dá theorainn inmheánacha.

An rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a dhíothú

Cuimsíonn limistéar Schengen 23 Bhallstát (gorm éadrom) agus ceithre thír nach Ballstát iad (dúghorm). Tá an Iodáil agus an tSeicia, mar aon leis an Ostair (an tír idirthurais eatarthu), laistigh de limistéar Schengen agus, mar sin de, is féidir le hAnna taisteal ón Iodáil chuig an tSeicia agus ar ais gan gá lena pas a thaispeáint. Ba cheart d'Anna, mar sin féin, a cárta aitheantais náisiúnta a thabhairt léi ionas go mbeidh sí in ann a thabhairt le fios gur saoránach den Aontas Eorpach í, más gá. Tá roinnt tíortha san Aontas Eorpach, mar atá an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, Éire, agus an Rómáin, nach bhfuil i limistéar Schengen. Cuimhnigh gur gá pas nó cárta aitheantais bailí a thaispeáint ag an teorainn chun taisteal chuig tír nó ó thír nach bhfuil i limistéar Schengen (bíodh an tír sin san Aontas nó ná bíodh).

Fonóta: Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, chuir roinnt tíortha srian sealadach ar an tsaorghluaiseacht agus cosc sealadach ar an taisteal neamhriachtanach.



FREAGRA
8/12

Le linn d'Anna a bheith san Iodáil, bíonn sí i dteagmháil rialta ar a fón cliste lena cairde agus a muintir sa bhaile. Glaonn sí agus seolann sí téacsanna chuig a gcairde agus a muintir agus baineann sí úsáid as feidhmchláir meán sóisialta chun pictiúir agus eispéiris a roinnt leo. Ach céard faoi tháillí fánaíochta Anna?
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?




A fhad agus nach mbíonn Anna ag taisteal ach ó am go ham agus go gcaitheann sí níos mó ama sa tSualainn ná thar lear, ní íocfaidh sí ach an méid sin a íocfaidh sí sa bhaile.

Táillí fánaíochta mhóibíligh níos saoire

Chuir an tAontas Eorpach deireadh le táillí fánaíochta i mí an Mheithimh 2017. Agus tú ag taisteal laistigh den Aontas, íocann tú na praghsanna baile ar ghlaonna, ar théacsanna agus ar idirlíon soghluaiste ('fánaíocht ar tháille baile').

Is é an riail i gcoitinne má chaitheann tú níos mó ama sa bhaile ná i dtír eile, nó má úsáideann tú d'fhón soghluaiste níos mó sa bhaile ná i dtír eile, is féidir fánaíocht a dhéanamh ar tháille baile agus tú ag taisteal áit ar bith san Aontas Eorpach.

Cuirtear 'fánaíocht ar tháille baile' i bhfeidhm go huathoibríoch. Ní gá duit rud a bith a shocrú.



© De Visu/Stock Adobe.com

FREAGRA
9/12

Tá amhras ar Anna faoi chaighdeán an uisce snámha san Iodáil agus sa tSeicia agus níl a fhios aici an mbeidh sí in ann snámh go sábháilte sna lochanna agus san fharraige.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?




Tá íoschaighdeáin leagtha síos san Aontas Eorpach maidir le huisce snámha agus bíonn ar gach tír san Aontas na caighdeáin sin a chomhlíonadh.

An comhshaol a chosaint

Tá fáil ag muintir na hEorpa ar chuid den uisce snámha is airde caighdeán ar domhan.

Foilsíonn an tAontas tuarascáil gach bliain maidir le caighdeán an uisce shnámha. Déantar iniúchadh sa tuarascáil sin ar chaighdeán an uisce i mbreis agus, 22 000 ionad snámha ar an gcósta, i lochanna agus in aibhneacha ar fud an Aontais.

In 2019 d'éirigh le 85% de na hionaid snámha sin na caighdeáin 'barr feabhais' is airde agus is déine atá ag an Aontas Eorpach a bhaint amach.



© De Visu/Stock Adobe.com

FREAGRA
11/12

Agus í ar ais sa bhaile sa tSualainn, insíonn Anna dá seanmháthair faoina turas san Eoraip. Deir a seanmháthair gur mhian léi féin a leithéid a dhéanamh agus í óg ach nach bhfuair sí deis riamh.
Cá mhéad duine óg a rinne staidéar, obair nó obair dheonach i dtír eile a bhuí le Erasmus+?




10 milliún

Erasmus+ a mhaoiniú

Tá Erasmus+ tar éis cabhrú le thart ar 10 milliún duine staidéar, obair nó obair dheonach a dhéanamh i dtír eile.

Tá sé ar na cláir mhaoiniúcháin is mó a bhfuil tóir orthu atá ag an Aontas. I gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin, tá an buiséad méadaithe faoi dhó beagnach le haghaidh na seacht mbliana atá le teacht (2021-2027), rud a fhágann go bhfuil breis agus €26 bhiliún ann. Léiríonn sé sin an tábhacht atá leis an oideachas agus leis an óige san Eoraip. Don tréimhse nua seo, beidh an clár níos ionchuimsithí, níos digití agus níos glaise.



© De Visu/Stock Adobe.com

FREAGRA
10/12

Déanann an tAontas Eorpach infheistiúcht i gcathracha agus i réigiúin na hEorpa. An chathair a mbeidh Anna ag fanacht inti san Iodáil, tá sí ar cheann de na cathracha atá páirteach i dtionscadal arb é is aidhm leis cabhrú le cathracha na hEorpa a bheith níos inbhuanaithe.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?




Caitear an tríú cuid de bhuiséad an Aontais Eorpaigh ar thionscadail a théann chun tairbhe do chathracha agus do réigiúin na hEorpa.

Cúnamh a thabhairt do na tíortha agus na réigiúin is tearcforbartha den Eoraip

Déanann an tAontas Eorpach cómhaoiniú ar na mílte togra i gcathracha agus i réigiúin ar fud na hEorpa. Baineann na Ballstáit go léir, mar aon lena saoránaigh, leas as an mhaoiniú sin.

Téann an chuid is mó den mhaoiniú chuig na réigiúin is tearcforbartha san Eoraip (a bhfuil dath dearg orthu ar an mapa) chun cabhrú leo an bhearna a dhúnadh.



FREAGRA
12/12

A bhuíochas don turas a rinne Anna, tá dúil aici anois tabhairt faoin gcéad eachtra eile ina saol. Tá sí ag smaoinemh ar obair dheonach nó obair eile a dhéanamh mar chuid de thionscadal sa tSualainn, nó b'fhéidir i dtír eile. Is é tuairim a seanmháthair gur chuala sí trácht ar a leithéid de thionscadal.
Cad é is ainm don tionscadal sin?



An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

Tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, cuirtear ar a gcumas do dhaoine óga idir 18 mbliana agus 30 bliain d'aois páirt a ghlacadh i raon leathan gníomhaíochtaí pobail agus tacaíochta, trí obair dheonach a dhéanamh nó trí dhul i mbun sócrúchán fostaíochta. Is féidir clárú leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach má tá 17 mbliana d'aois slánaithe agat, ach níl cead tús a chur le tionscadal mura bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe agat.

Sheol an tAontas Eorpach an clár DiscoverEU in 2018 chun deis a thabhairt d'Eorpaigh óga 18 mbliana d'aois eolas níos fearr a chur ar an Eoraip. Tugtar an deis do dhaoine óga san Eoraip eolas a chur ar oidhreacht chultúrtha na hEorpa trí chuairt a thabhairt ar áiteanna, idir ceann scríbe amháin agus ceithre cheann scríbe, i dtíortha eile ar feadh tréimhse 30 lá ar a mhéad, a bhuíochas do phas taistil ar leith.



CAD ATÁ AR CHLÁR OIBRE AN AONTAIS EORPAIGH?

An bhfuil a fhios agat cad atá ar siúl ag an Aontas Eorpach chun dul i ngleic le dúshlán éagsúla an tsaoil seo, e.g. an dífhostaíocht i measc na hóige, an imirce, an t-athrú aeráide agus an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19? Cuirimis eolas ar chlár oibre an Aontais Eorpaigh!



© Zerbor/Stock-Adobe.com

CEIST 2/13

Dúshlán ollmhór don Aontas Eorpach agus don domhan trí chéile atá san athrú aeráide. Tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de – geilleagar ina bhfuil astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha. Tá sé comhaontaithe ag rialtais uile an Aontais an sprioc sin a bhaint amach faoi dháta ar leith.

Faoi cén uair a bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de?

1 2030

2 2050

3 2100



CEIST 1/13

In 2019 thogh Parlaimint na hEorpa Ursula von der Leyen ina hUachtarán ar an gCoimisiún. Bhí 6 thosaíocht don Eoraip sna treoirlínte polaitiúla a chuir sí i láthair.

Cé acu seo a leanas NACH bhfuil ar cheann de na sé thosaíocht sin?

1 A chinntiú go bhfuil an t-oidreachas céanna sa mhatamaitic, sa stair agus sa Bhéarla le fáil i ngach tír san Eoraip.

2 Dlús a chur faoi gheilleagar na hEorpa agus níos mó fostaíochta a chruthú, go háirithe do dhaoine óga.

3 A chinntiú go bhfuil fuinneamh slán agus inacmhainne againn san Eoraip, agus go dtáirgtear é ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.



CEIST 3/13


Tá an teicneolaíocht dhigiteach ríthábhachtach dúinn ar fad. Tá sin níos soiléire fós le linn na paidéime agus go leor daoine óga ag brath ar an teicneolaíocht dhigiteach lena n-obair scoile a dhéanamh sa bhaile agus le cumarsáid a dhéanamh lena gcairde. Is mian leis an Aontas cabhrú le gach duine an leas is mó is féidir a bhaint as na teicneolaíochtaí nua trí rochtain níos fearr a thabhairt dóibh orthu.

Ar chuala tú faoi WiFi4EU? An bhfuil a fhios agat cad atá ann?

1 Caihdeán nua gan sreang a thiocfaidh in ionad 5G

2 Luchtaire coitianta le haghaidh fóin mhóibíleacha

3 Tionscnamh de chuid an Aontais a chuireann rochtain idirlín gan sreang saor in aisce ar fáil do shaoránaigh i spásanna poiblí



CEIST
4/13


Cuid dhílis den réabhlóid dhigiteach is ea an geoshuíomh. Tá infheistíocht déanta ag an Aontas Eorpach ina chóras loingseoireachta satailíte domhanda féin.
Cad is ainm don chóras sin?



- 1 Gaia
- 2 Galilei
- 3 Galileo

CEIST
6/13


Tá an tAontas ag obair trí na Náisiúin Aontaithe agus eagrais idirnáisiúnta eile chun gníomhartha uailmhianacha domhanda a chur chun cinn a chuirfidh srian leis an athrú aeráide. Tá sé ag tabhairt dea-shampla trí spriocanna uailmhianacha aeráide agus fuinnimh a bhaint amach faoi 2030.
Cén ceann de na spriocanna seo a leanas atáthar ag iarraidh a bhaint amach faoi 2030?



- 1 Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad
- 2 55% dár bhfuinneamh, ar a laghad, a theacht as foinsí fuinnimh in-athnuaite
- 3 Ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 55% ar a laghad

CEIST
5/13


Féachann an tAontas Eorpach chuige go bhfuil an fuinneamh atá againn neamhdhíobhálach don chomhshaol, inacmhainne agus ar fáil nuair atá gá againn leis. Déanann sé sin trinár soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus níos mó fuinnimh a ghintear san Aontas Eorpach a úsáid.
Cén céatadán dár bhfuinneamh atá á iompórtáil againn faoi láthair ó fhoinsí lasmuigh den Aontas?



- 1 A fifth
- 2 Níos mó ná leath de
- 3 An ceathrú cuid de

CEIST
7/13


Tá geilleagar an Aontais Eorpaigh ag brath ar an trádáil. Is é an toradh atá ar na margáí oscailte ná go ngintear fás geilleagrach agus poist níos fearr don Eoraip agus dá comhpháirtithe. Tugann siad roghanna agus cumhacht cheannaigh níos fearr do thomhaltóirí an Aontais agus osclaíonn siad margáí nua do chuideachtaí an Aontais.
Cé mhéad tír ar domhan, a bheag nó a mhór, a shínigh comhaontú saorthrádála leis an Aontas Eorpach?



- 1 30
- 2 45
- 3 60

CEIST
8/13

Ba cheart go mbraithfeadh daoine a chónaíonn san Aontas go bhfuil cosaint mhaith ag a saoirse agus ag a slándáil, beag beann ar an áit a dteann siad san Aontas. Tá an sceimhlitheoireacht ar cheann de na bagairtí is mó i láthair na huaire. Dá bhrí sin, tá sraith beart glactha ag an Aontas chun sinn a chosaint.
Cé acu seo a leanas NACH bhfuil ar cheann de na bearta sin?



- 1 Dlí nua a thabhairt isteach maidir le cosaint sonraí.
- 2 Cion coiriúil a dhéanamh d'aon taisteal arb é is aidhm leis sceimhlitheoireacht a dhéanamh nó tacú le sceimhlitheoireacht.
- 3 An radacú a chomhrac, ar líne agus as líne.

CEIST
10/13

I dteannta a chéile, tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar cheann de na geilleagair is mó ar domhan. Is mó i bhfad an t-údarás atá acu nuair a ghníomhaíonn siad le chéile ná mar a bheadh acu dá saothróidís a mbeartais féin ina n-aonar.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



- 1 Cé nach bhfuil ach 10 % de dhaonra an domhain ag Ballstáit an Aontais, tá 15 % de gheilleagar an domhain acu.
- 2 Cé nach bhfuil ach tuairim agus 6% de dhaonra an domhain ag tíortha an Aontais, tá 16% de gheilleagar an domhain acu.
- 3 Cé nach bhfuil ach 4 % de dhaonra an domhain ag Ballstáit an Aontais, tá 26 % de gheilleagar an domhain acu.

CEIST
9/13

Tá an Eoraip faoi bhrú mar gheall ar an líon ard dídeanaithe agus imirceach a bhíonn ag teacht isteach san Aontas Eorpach. Tá an tAontas tar éis tabhairt faoi roinnt gníomhartha mar fhreagra ar an bhforbairt seo.
Cé acu de na ráitis seo atá fíor?



- 1 Ba mhaith leis an Aontas Eorpach dóigheanna sábháilte dleathacha chun dul isteach san Aontas a chruthú d'iarrthóirí tearmainn ionas nach gcuirfidh siad a mbeatha i gcontúirt trí dhul i muinín smuigléirí agus gáinneálaithe.
- 2 Tugann an tAontas cúnamh do na Ballstáit chun imirceach neamhrialta a sheoladh ar ais chuig a dtír dhúchais féin fiú má tá an ceart acu fanacht san Aontas Eorpach.
- 3 Tá gníomhartha éigeandála maoinithe ag an Aontas laistigh den Aontas, ach ní chabhraíonn sé le tíortha lasmuigh dá theorainneacha.

CEIST
11/13

Tá stangadh mór bainte as an Eoraip ag an gcoróinvíreas, agus tá damáiste suntasach eacnamaíoch agus sóisialta á dhéanamh ag an bpaindéim. Mar fhreagairt air sin, tá ciste dar teideal 'NextGenerationEU' seolta ag an Aontas chun an téamamh eacnamaíoch a spreagadh tar éis na paindéime.
An bhfuil a fhios agat an méid airgid atá leithdháilte ar NextGenerationEU?



- 1 50 billiún euro
- 2 166 billiún euro
- 3 806 billiún euro

CEIST
12/13

Is tosaíocht anois é ag an gCoimisiún Eorpach gan dlíthe nua a mholadh mura bhfuil gá leo agus mura bhfuil breisluch soiléir Eorpach leo, agus a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le gach rud a dhéanann sé.

Cén uair is féidir leis an bpopal a dtuairimí a nochtadh faoi dhlí de chuid an Aontais?

- 1 Sula ndréchtaítear dlí, agus an tráth sin amháin
- 2 Tráth ar bith
- 3 Nuair a bheidh an dlí i bhfeidhm, agus an tráth sin amháin



CEIST
13/13

Ní shárfar paindéim COVID-19 ach amháin nuair a bheidh vacsaín faighte ag go leor daoine. Chun dlús a chur le forbairt vacsaíní in aghaidh COVID-19, thacaigh an tAontas Eorpach le cuideachtaí a bhí ag forbairt vacsaíní go luath sa pháindéim. Trí chuidiú leo forbairt agus táirgeadh vacsaíní in aghaidh COVID-19 a mhaoiniú, fuair an Coimisiún an ceart chun billiúin dáileog vacsaíne a cheannach do shaoránaigh an Aontais nuair a bhí na vacsaíní réidh agus nuair a léiríodh go raibh siad sábháilte éifeachtach. Tá roinnt de na vacsaíní sin á n-úsáid anois. Údaraíodh iad lena ndíol san Aontas.

Cén comhlacht a údaraíonn vacsaín lena díol ar mhargadh an Aontais?


- 1 An Coimisiún Eorpach
- 2 An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach
- 3 Parlaimint na hEorpa



FREAGRA
1/13

In 2019 thogh Parlaimint na hEorpa Ursula von der Leyen ina hUachtarán ar an gCoimisiún. Bhí 6 tosaíocht don Eoraip sna treoirínte polaitiúla a chuir sí i láthair.

Cé acu seo a leanas NACH bhfuil ar cheann de na sé tosaíocht sin?

 A chinntiú go bhfuil an t-oideachas céanna sa mhatamaitic, sa stair agus sa Bhéarla le fáil i ngach tír san Eoraip.

6 tosaíocht don Eoraip

Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus a n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla a chinneann céard is ceart a theagasc sa seomra ranga. Ní chinneann an tAontas Eorpach sin.

Seo a leanas na 6 tosaíocht atá ag an gCoimisiún Eorpach don tréimhse 2019-2023:

- Comhaontú Glas don Eoraip
- Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach
- Geilleagar a fhóireann do dhaoine
- Eoraip níos láidre sa domhan mór
- An dóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn
- Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa.



©lev dolgachov/StockAdobe.com

FREAGRA
2/13

Dúshlán ollmhór don Aontas Eorpach agus don domhan trí chéile atá san athrú aeráide. Tá sé d'aidhm ag an Aontas a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de – geilleagar ina bhfuil astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha. Tá sé comhaontaithe ag rialtais uile an Aontais an sprioc sin a bhaint amach faoi dháta ar leith.

Faoi cén uair a bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de?

 2050

Comhaontú Glas don Eoraip

Tá sé mar sprioc ag an Aontas a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. An t-aistriú chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide, is dúshlán práinneach é sin ach is deis é freisin geilleagar na hEorpa a dhéanamh inbhuanaithe. Is mian leis an Aontas a chuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, sin agus sochaí a chruthú a úsáideann níos lú acmhainní nádúrtha agus a tháirgeann níos lú dramhaíola agus truaillithe.



© EngelaStock/Adobe.com

FREAGRA
3/13

Tá an teicneolaíocht dhigiteach ríthábhachtach dúinn ar fad. Tá sin níos soiléire fós le linn na paidéime agus go leor daoine óga ag brath ar an teicneolaíocht dhigiteach lena n-obair scoile a dhéanamh sa bhaile agus le cumarsáid a dhéanamh lena gcairde. Is mian leis an Aontas cabhrú le gach duine an leas is mó is féidir a bhaint as na teicneolaíochtaí nua trí rochtain níos fearr a thabhairt dóibh orthu.

Ar chuala tú faoi WiFi4EU? An bhfuil a fhios agat cad atá ann?



Tionscnamh de chuid an Aontais a chuireann rochtain idirlín gan sreang saor in aisce ar fáil do shaoránaigh i spásanna poiblí

An Eoraip Dhigiteach

Is tionscnamh de chuid an Aontais é WiFi4EU lena maoinítear nasc Wi-Fi a shuiteáil i spásanna poiblí ar nós páirceanna, leabharlann agus cearnóg. Faoi 2025, is mian leis an Aontas go mbeadh nasc idirlín 1Gb le fáil i ngach spás poiblí, scoileanna san áireamh, agus go mbeadh rochtain ag gach teaghlach Eorpach ar luas íoslódála 100Mbps ar a laghad.



© dmutrojamolina/Stock-Adobe.com

FREAGRA
5/13

Féachann an tAontas Eorpach chuige go bhfuil an fuinneamh atá againn neamhdhíobhlach don chomhshaol, inacmhainne agus ar fáil nuair atá gá againn leis. Déanann sé sin trínár soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus níos mó fuinnimh a ghintear san Aontas Eorpach a úsáid.

Cén céatadán dár bhfuinneamh atá á iompórtáil againn faoi láthair ó fhoinsí lasmuigh den Aontas?



Níos mó ná leath de

Margadh fuinnimh atá nasctha ar shlí níos fearr

In 2018 iompórtáladh 55% d'fhuinneamh an Aontais. Is é an tslí is fearr chun ár slándáil fuinnimh a fheabhsú ar bhfoinsí fuinnimh a éagsúlú. Faoi láthair, is iomaí greille leictreachais agus píblíne gháis nach bhfuil nasc maith eatarthu ag teorainneacha náisiúnta. Tá feabhas á chur air sin ionas go mbeidh fuinneamh in ann teorainneacha inmheánacha an Aontais a thrasnú gan aon chonstaic theicniúil ná dhlíthiúil.



FREAGRA
4/13

Cuid dhílis den réabhlóid dhigiteach is ea an geoshuíomh. Tá infheistíocht déanta ag an Aontas Eorpach ina chóras loingseoireachta satailíte domhanda féin.

Cad is ainm don chóras sin?



Galileo

Córas loingseoireachta satailíte domhanda an Aontais Eorpaigh

Galileo is ainm do chóras loingseoireachta satailíte domhanda an Aontais Eorpaigh. Ainmníodh é as an réalteolaí Iodálach Galileo Galilei a mhair sa 16ú haois.

Leis an gcóras sin, méadófar an beachtas geoshuímh faoi dheich agus cruthófar seirbhísí nuálacha a d'fhéadfadh an gnáthshaol a athrú ó bhonn, e.g. carranna uathrialaitheacha agus líonraí feabhsaithe iompair i gceantair uirbeacha.

Is éard é Gaia satailít de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. Is é misean na satailíte sin léarscáil 3D dár réaltra, Bealach na Bó Finne, a chruthú.



FREAGRA
6/13

Tá an tAontas ag obair trí na Náisiúin Aontaithe agus eagrais idimáisiúnta eile chun gníomhartha uailmhianacha domhanda a chur chun cinn a chuirfidh sríán leis an athrú aeráide. Tá sé ag tabhairt dea-shampla trí spriocanna uailmhianacha aeráide agus fuinnimh a bhaint amach faoi 2030.

Cén ceann de na spriocanna seo a leanas atáthar ag iarraidh a bhaint amach faoi 2030?



Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad

Ár n-aeráid a chosaint

Tá trí sprioc thábhachtacha leagtha síos i gcreat aeráide agus fuinnimh an Aontais Eorpaigh do 2030:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad (ó leibhéal 1990);
- 32% dár bhfuinneamh, ar a laghad, a theacht as foinsí fuinnimh in-athnuaite;
- Ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 32.5% ar a laghad.

Tá spriocanna 2030 ina gcuid de thiomantas an Aontais Eorpaigh do Chomhaontú Pháras – an socrú aeráide domhanda ar chabhraigh an tAontas Eorpach lena bhaint amach in 2015. An sprioc a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, mhéadaigh an tAontas sin le déanaí ó tharla gurb éan cuspóir fadtéarmach atá ann a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.



© Valmedia/Stock-Adobe.com

FREAGRA
7/13

Tá geilleagar an Aontais Eorpaigh ag brath ar an trádáil. Is é an toradh atá ar na margaí oscailte ná go ngintear fás geilleagrach agus poist níos fearr don Eoraip agus dá comhpháirtithe. Tugann siad roghanna agus cumhacht cheannaigh níos fearr do thomhaltóirí an Aontais agus osclaíonn siad margaí nua do chuideachtaí an Aontais.

Cé mhéad tír ar domhan, a bheag nó a mhór, a shínigh comhaontú saorthrádála leis an Aontas Eorpach?

45

Comhaontuithe Saorthrádála

Tá os cionn 45 chomhaontú trádála i bhfeidhm idir an tAontas agus níos mó ná 80 comhpháirtí ar fud an domhain. Fágann margaí trádála go mbíonn sé níos éasca ag tíortha gnó a dhéanamh lena chéile agus cuidíonn siad chun níos mó post a chruthú, rud a chuireann borradh faoin bhfás eacnamaíoch. Tugann siad níos mó roghanna freisin do cheannaitheoirí san Aontas agus táirgí ar fáil dóibh ó réigiúin éagsúla den domhan, agus bíonn na praghsanna níos ísle dá mbarr. Ina theannta sin, cuidíonn siad le cuideachtaí an Aontais dul san iomaíocht ar an gcoigríoch. Tá comhaontuithe trádála déanta ag an Aontas le neart tíortha ar domhan. Agus é ag idirbheartú d'aon ghuth, is mó go mór an tionchar a bhíonn ag an Aontas i gcaibidlíocht trádála idirnáisiúnta ná an tionchar a bheadh ag ceann ar bith de na Ballstáit ina n-aonar.



© MAGNIFIER/Stock-Adobe.com

FREAGRA
9/13

Tá an Eoraip faoi bhrú mar gheall ar an líon ard dídeanaithe agus imirceach a bhíonn ag teacht isteach san Aontas Eorpach. Tá an tAontas tar éis tabhairt faoi roinnt gníomhartha mar fhreagra ar an bhforbairt seo.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

Ba mhaith leis an Aontas Eorpach dóigheanna sábháilte dleathacha chun dul isteach san Aontas a chruthú d'iarthóirí tearmainn ionas nach gcuirfidh siad a mbeatha i gcontúirt trí dhul i muinín smuigléirí agus gáinneálaithe.

Imirce agus tearmann

Tá an-chuid oibre déanta ag an Aontas cheana féin chun dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis na dídeanaithe agus iarthóirí tearmainn a thagann isteach san Aontas, agus tá sé ag leanúint leis an obair sin. Le cois maoiniú a chur ar fáil, cabhraíonn an tAontas chun iarthóirí tearmainn atá san Eoraip cheana féin a athlonnú agus daoine atá i ngátar a athshocrú ó thíortha comharsanacha. Tugann an tAontas cabhair dhaonnúil freisin do dhídeanaithe agus d'imircigh i dtíortha lasmuigh den Aontas, cosúil leis an Tuirc, an Liobáin, an Iordáin agus an Iaráic.

Lena chois sin tá an Garda Teorann agus Cósta Eorpach curtha ar bun ag anAontas a dhéanfaidh neartú ar bhainistiú agus ar shlándáil teorainneacha seachtracha an Aontais.



FREAGRA
8/13

Ba cheart go mbraithfeadh daoine a chónaíonn san Aontas go bhfuil cosaint mhaith ag a saoire agus ag a slándáil, beag beann ar an áit a dteann siad san Aontas. Tá an sceimhlitheoireacht ar cheann de na bagairtí is mó i láthair na huaire. Dá bhrí sin, tá sraith beart glactha ag an Aontas chun sinn a chosaint.

Cé acu seo a leanas NACH bhfuil ar cheann de na bearta sin?

Dlí nua a thabhairt isteach maidir le cosaint sonraí.

Bearta atá á ndéanamh ag an Aontas chun an sceimhlitheoireacht a throid

Ar na bearta atá déanta chun déileáil leis na gnéithe uile a bhaineann le bagairt sceimhlitheoireachta, tá:

- an radacú a chomhrac, ar líne agus as líne;
- cion coiriúil a dhéanamh d'aon taisteal arb é is aidhm leis sceimhlitheoireacht a dhéanamh nó tacú le sceimhlitheoireacht;
- dlús a chur le brath na sceimhlitheoireachta tríd an malartú faisnéise a mhéadú;
- dul i ngleic le maoiniú na sceimhlitheoireachta;
- rochtain a theorannú ar airm thine agus pléascáin;
- tacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta, go háirithe i réigiúin na Meánmhara.

Ar bheart eile nach bhfuil baint aige le bagairt na sceimhlitheoireachta, tá feabhas curtha ag an Aontas ar an gcosaint sonraí. I mí na Bealtaine 2018 tháinig rialacha nua i bhfeidhm lena ndéantar sonraí pearsanta shaoránaigh an Aontais a chosaint laistigh den Aontas agus lasmuigh de freisin. Leis an dlí nua seo maidir le cosaint sonraí, tugtar níos mó smachta do shaoránaigh ar an dóigh a n-úsáidtear a sonraí pearsanta.



FREAGRA
10/13

I dteannta a chéile, tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar cheann de na geilleagair is mó ar domhan. Is mó i bhfad an t-údarás atá acu nuair a ghníomhaíonn siad le chéile ná mar a bheadh acu dá saothróidís a mbeartaí féin ina n-aonar.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor?

Cé nach bhfuil ach tuairim agus 6% de dhaonra an domhain ag tíortha an Aontais, tá 16% de gheilleagar an domhain acu.

Gníomhaí domhanda

Cé nach bhfuil ach tuairim agus 6% de dhaonra an domhain ag tíortha anAontais, tá tuairim agus 16% de gheilleagar an domhain acu.

Cé gur mór-roinn measartha beag atá san Eoraip, tá ról tábhachtach aici ar leibhéal domhanda. Mar shampla, stiúir sí agus thacaigh sí le cainteanna síochána ar fud an domhain chun deireadh a chur le coimhlintí. Tá sí ar thús cadhnaíochta sa troid dhomhanda i gcoinne an athraithe aeráide.



FREAGRA
11/13

Tá stangadh mór bainte as an Eoraip ag an gcoróinvíreas, agus tá damáiste suntasach eacnamaíoch agus sóisialta á dhéanamh ag an bpaindéim. Mar fhreagairt air sin, tá ciste dar teideal 'NextGenerationEU' seolta ag an Aontas chun an téarnamh eacnamaíoch a spreagadh tar éis na paindéime.

An bhfuil a fhios agat an méid airgid atá leithdháilte ar NextGenerationEU?

😊 806 billiún euro

Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

Ciste de chuid an Aontais dar luach timpeall €806 bhilliún is ea NextGenerationEU. Is féidir le tíortha an Aontais leas a bhaint as chun cabhrú lena ngeilleagair téarnamh ón ngéarchéim agus chun an Eoraip a ullmhú le haghaidh na nglúnta atá le teacht. Rachaidh breis agus 50% de na cistí chuig tionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu an Eoraip a nuachóiriú, cuir i gcás tríd an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glasa agus digiteacha a chur chun cinn. Bainfear úsáid as an airgead sin freisin chun an difhostaíocht i measc daoine óga a laghdú agus chun cabhrú leo scileanna nua a fháil.



FREAGRA
13/13

Ní shárófar paindéim COVID-19 ach amháin nuair a bheidh vacsaín faighte ag go leor daoine. Chun dlús a chur le forbairt vacsaín in aghaidh COVID-19, thacaigh an tAontas Eorpach le cuideachtaí a bhí ag forbairt vacsaín go luath sa phaindéim. Trí chuidiú leo forbairt agus táirgeadh vacsaín in aghaidh COVID-19 a mhaoiniú, fuair an Coimisiún an ceart chun billiúin dáileog vacsaíne a cheannach do shaoránaigh an Aontais nuair a bhí na vacsaín réidh agus nuair a léiríodh go raibh siad sácháilte éifeachtach. Tá roinnt de na vacsaín sin á n-úsáid anois. Údaraíodh iad lena ndíol san Aontas.

Cén comhlacht a údaraíonn vacsaín lena díol ar mhargadh an Aontais?

😊 An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach

Vacsainí in aghaidh COVID-19

Bíonn údarú margaíochta ag teastáil ó gach cógas, vacsaín san áireamh, sular féidir iad a dhíol i dtíortha an Aontais. Is í an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) a dhéanann an mheastóireacht eolaíoch agus a mholann cé acu atá vacsaín sácháilte, éifeachtach agus ar ardchaighdeán nó nach bhfuil. Má thugann EMA moladh dearfach, féadfaidh an Coimisiún Eorpach an vacsaín nua a údarú chun dul isteach i margadh an Aontais. Tá measúnú déanta ag EMA anois ar roinnt vacsaín in aghaidh COVID-19, agus dar léi, tá siad sácháilte éifeachtach. Dá bhrí sin, d'údaraigh an Coimisiún Eorpach iad lena ndíol ar mhargadh an Aontais. Tá na billiúin dáileog vacsaín faighte anois san iomlán. Tá dáileoga vacsaín á seachadadh chuig na Ballstáit agus tá saoránaigh an Aontais á vacsaíniú ar luas atá ag dul i méid. Chomh maith leis sin, tá breis agus €3 bhilliún geallta ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit do COVAX chun cabhrú le tíortha eile. Is comhoibriú domhanda é sin atá dírithe ar rochtain a chinntiú ar vacsaín in aghaidh COVID-19 ar choinníollacha comhionanna do gach tír ar domhan.



FREAGRA
12/13

Is tosaíocht anois é ag an gCoimisiún Eorpach gan dlíthe nua a mholadh mura bhfuil gá leo agus mura bhfuil breisluach soiléir Eorpach leo, agus a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le gach rud a dhéanann sé.

Cén uair is féidir leis an bpobal a dtuairimí a nochtadh faoi dhlí de chuid an Aontais?

😊 Tráth ar bith

Comhairliúcháin leis na saoránaigh

Sula ndéanann an Coimisiún Eorpach moltaí don Aontas Eorpach maidir le dlíthe agus gníomhartha nua, agus le linn an phróisis cinnteoireachta, éisteann sé go cúramach le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara. Bealach amháin chun a bhfuil ag déanamh tinnis duit a chur in iúl is ea an t-idirlíon. Is féidir le saoránaigh a gcuid tuairimí a chur in iúl trí fhreagra a thabhairt ar chomhairliúchán poiblí ar líne, nó trí thuairimí a sheoladh as a stuaim féin. Is féidir leis an saoránach aiseolas a thabhairt tráth ar bith, fú tar éis don dlí teacht i bhfeidhm.



AN tAONTAS EORPACH – CAD É FÉIN?

[CEISTEANNA](#) p. 3
[FREAGRAÍ](#) p. 10

CONAS A OIBRÍONN AN tAONTAS?

[CEISTEANNA](#) p. 17
[FREAGRAÍ](#) p. 24

CÉN BHAINTE ATÁ AG AN AONTAS EORPACH LE DO SHAOL LAETHÚIL?

[CEISTEANNA](#) p. 31
[FREAGRAÍ](#) p. 38

CAD ATÁ AR CHLÁR OIBRE AN AONTAIS EORPAIGH?

[CEISTEANNA](#) p. 44
[FREAGRAÍ](#) p. 51

© An tAontas Eorpach, 2023



Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalaírt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi chheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an taitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt. Léarscáileanna na hEorpa ama n-oiriúnú ó "European Community maps", © Kolja21, litsentsitud CC BY 3.0 alusel